

## Cré na Cille: Fall, 2012

### #1: Key Characters, and Original Opening

#### LIST OF KEY CHARACTERS

The book lists "pearsana" in the frontispiece. I have added some other characters, *not* all of them, along with the names of the actors who play these roles.

Pearsana:	Aisteoir
<b>Caitriona Pháidín:</b> Ur-adhlactha.	Bríd Ní Neachtain
<b>Pádraig Chaitriona:</b> A haonmhac.	Pádraic Ó Tuairisc
<b>Iníon Nóra Sheáinín:</b> Bean Phádraig Chaitriona. In aontíos le Caitriona.	Fionnuala Ní Fhlatharta
<b>Mairín:</b> Girseach le Pádraig Chaitriona 's Iníon Nóra Sheáinín.	Aisling Ní Chonghaile
<b>Nóra Sheáinín:</b> Máthair bhean Phádraig Chaitriona.	Máire Ní Mháille
<b>Baba Pháidín:</b> Deirfiúr do Chaitriona agus do Neil. I Meiriceá di. Súil le huacht uaithi.	Bairbre Uí Churraidhín
<b>Neil Pháidín:</b> Deirfiúr Chaitriona agus Bhaba.	Mairéad Uí Chuaig
<b>Jeaic na Scolóige:</b> Fear Neil.	Timín Ó Curraidhín
<b>Peadar Neil:</b> Mac le Neil agus Jeaic.	Cathal Ó Cuaig
<b>Meaig Bhriain Mhóir:</b> Bean Pheadar Neil.	Áine Ní Dhroighneáin
<b>Briain Óg:</b> Mac le Peadar Neil agus Meaig Bhriain Mhóir. Ag dul ina shagart.	---
<b>Briain Mór:</b> Athair Mheaig.	Páraic Breathnach
<b>Tomás Taobh Istigh:</b> Gaol do Chaitriona agus do Neil. An bheirt ag iomaíocht ar shon a chuid talún.	Diarmuid Mac an Adhastair
<b>Muraed Phroinsiais:</b> Comharsa bhéal doráis agus uchtchara do Chaitriona riamh.	Máirín Uí Neachtain
Comharsana agus Lucht Aitheantais Eile.	
An Máistir Mór	Peadar Lamb
Beartla Chois Dubh	Mac dara Ó Fátharta *
Tom Rua	Joe Steve Ó Neachtain **
Máirtín Crosach	Peadar Ó Treasaigh
Bileachaí an Phosta	Seán Ó Coisdealbha
Fear Óg	Darach Ó Dubháin
An Mháistreás	Mairéad Mac Con Iomaire

\* Mac dara Ó Fátharta, from Inis Meáin, is a very well-known actor who did most of the writing on this adaptation, originally adapting it for the stage.


\*\* Joe Steve Ó Neachtain, from An Spidéal, is a literary Renaissance man who has produced a good bit of writing in multiple genres. He might be the logical successor, in some ways, to Johnny Chóil Mhaidhc.

### Family Relationships

This chart only shows the people who are actually related to each other. There are several other characters listed in story, neighbors, etc., but these people were all mentioned early in the film and it was pretty hard to keep track of who belonged to whom.

Caitríona Pháidín is the main character, of course, and she has two sisters. Dotted lines in the chart indicate marriages, solid lines are blood relations.

The character Tomás Taobh Istigh is referenced early in the film, living in a house with no roof. When it rains, he shelters with Caitríona or Neil. The original list of characters from the book suggests that this guy is some kind of relation to them.



### Cré na Cille Relationships

## ORIGINAL OPENING

---

In the book, the very first thing you would read would be Caitríona Pháidín waking up underground. A little later we'll see a "feature" on the DVD about the making of the film, it's very interesting, but the director thought it would be hard to start there. After all, the original novel is nothing but thoughts and dialogs between people in coffins, it is all auditory in a sense.

So he backed out some of the stuff that Caitríona says early on into a visual flashback to lay some foundation for the rest of the film. Below is what Ó Cadhain originally wrote.

---

## CRÉ NA CILLE

---

EADARLÚID A HAON 1

Ní mé an ar Áit an Phuint nó na Cúig Déag atá mé curtha? D'imigh an diabhal orthu dá mba in Áit na Leathghine a chaithfidís mé, tar éis ar chuir mé d'fhainicí orthu! Maidin an lae ar bhásaigh mé ghlaigh mé aníos ón gcistin ar Phádraig: "Achainí agam ort a Phádraig a leanbh," adeirimse. "Cuir ar Áit an Phuint mé. Ar Áit an Phuint. Tá cuid againn curtha an Áit na Leathghine, ach má tá féin ...

Dúirt mé leo an chónra ab fhearr tigh Thaidhg a fháil. Cónra mhaith dharach í ar chaoi ar bith ... Tá brat na scaball orm. Agus an bhraillín bharróige. Bhí siad sin faoi réir agam féin ... Tá spota ar an scaoilteog seo. Is geall le práib shúiche é Ní hea. Lorg méire. Bean mo mhic go siúrálte. Is cosúil lena cuid pruislíocht é. Má chonaic Neil é! Is dóigh go raibh sí ann. Ní bheadh dar fia dá mbeadh aon neart agamsa air ...

Is místuama a ghearr Cáit bheag na gairéadaí. Dúirt mé riamh féin nár cheart aon deoir le n-ól a thabhairt di féin ná do Bhid Shorcha nó go mbeadh an corp dealaithe den tsráid. Chuir mé fainic ar Phádraig dá mbeadh ól déanta acu gan ligean dóibh na gairéadaí a ghearradh. Ach ní féidir Cáit Bheag a choinneáil ó choirp. Ba é a buaic chuile lá riamh marbhán a bheith in áit ar bith ar an dá bhaile. Dá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire d'fhanfaidís ar an iomaire, ach í ag fáil bonn coirp ...

Tá an chrois ar mo chliabhrach, an ceann a cheannaigh mé féin ag an misean ... Ach cá'il an chrois dhubh a thug bean Thomáisín beannaithe chugam as an gCnoc an t-am sin a mb'éigin Tomáisín a cheangal go deireanach. Dúirt mé leo an chrois sin a chur orm freisin. Is cuidsúlaí go mór í ná an ceann seo. Ó thit an chrois seo ó ghasúir Phádraig, tá cor cam sa Slánaitheoir uirthi. An Slánaitheoir atá ar an gceann dubh is mór an áilleacht é. Céard sin orm? Nach mé atá dearmadach i gcónaí. Sin í faoi mo cheann í. Nach mairg nach í a chuir siad ar mo chliabhrach...

Bhí acu snaidhm níb fhearr a chur ar an bpaidrín ar mo mhéara. Neil féin, go siúráilte, a rinne é sin. Bheadh sásamh aici dá dtiteadh sé ar an talamh san am a raibh siad do mo chur i gcónra. A Thiarna Thiarna, b'fhada amach uaimse a d'fhanfadh sí sin ...

Tá súil agam gur las siad na hocht gcoinneal as cionn mo chónra sa séipéal. D'fhág mé faoi réir acu iad, i gcúinne an chomhra faoi pháipéir an chíosa. Sin rud nach raibh riamh ar chorp sa séipéal sin: ocht gcoinneal. Ní raibh ar an gCurraoineach ach ceithre cinn. Sé cinn ar Liam Thomáis Táilliúr, ach tá iníon leis sin sna mná rialta i Meiriceá ...

She goes on this way for a couple more pages, so we'll skip to where she hears voices

... Mo ghrá é Hitler. Sin é an buachaill acu ...

Má bhuailtear Sasana, beidh an tír in ainriocht. Tá an margadh caillte cheana againn ...

... A Chineál Tháilliúr na Leathchluaise, is tú a d'fhág anseo mé leathchéad bliain roimh an am. Bhí an buille feille riamh féin i gcineál na Leathchluaise. Sceana, clocha, agus buidéal. Ní throidfeá mar a throidfeadh fear ach mé a shá ...

... Cead cainte dhom. Cead cainte ...

Crois Críosta choisreacan Dé orainn!—an beo nó marbh atá mé? An beo nó marbh atá siad seo? Tá siad uile ag cur díobh chomh tréan céanna agus a bhi as cionn talún! Shíl mé ó chuirfí i gcill mé agus nach mbeadh cruóg oibre, ná imní tí, ná faitíos síne ná eile orm go mbeadh suaimhneas i ndán dom ... ach cén chiall an chathaíocht seo i gcré na cille...

2

... Cé thú féin? Cáid ó tháinig tú? An gluin tú leat mé? Ná bíodh scáth ar bith ort. Déan an oiread teanntáis anseo, agus a dhéanfá sa mbaile. Mise Muraed Phroinsiais.

Go gcuire Dia an t-ádh ort! Muraed Phroinsiais a bhi i mbéal an dorais agam riamh. Mise Caitriona. Caitriona Pháidín. An cuimhneach leat mé a Mhuraed, nó an imíonn cuimhne an tsaoil as bhur gceann anseo? Ní sé imithe uaimse fós ar aon nós ...